CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 134/24

**Lucsamburg, 10 Meán Fómhair 2024**

Breithiúnas na Cúirte i gCásanna Uamtha C-29/22 P | *KS agus KD agus páirtithe eile* v *an Chomhairle* agus C-44/22 P | *an Coimisiún* v *KS agus páirtithe eile*

# Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES): soiléiríonn an Chúirt Bhreithiúnais raon feidhme dhlínse Chúirteanna an Aontais Eorpaigh

*Sa chomhthéacs sin, tá dlínse ag an gCúirt measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht gníomhartha nó neamhghníomhartha nach bhfuil baint dhíreach acu le roghanna polaitiúla nó straitéiseacha a thagann faoin mbeartas sin nó iad a léiriú.*

Thug KS agus KD, baill teaghlaigh daoine a bhí ar iarraidh nó a maraíodh sa Chosaiv in 1999, caingean os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh. Baineann an cás le misean sibhialtach an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (Eulex), a imscaradh faoi CBES. Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don chaingean sin ar an bhforas gur léir go follasach nach raibh dlínse aici í a éisteacht agus a chinneadh. Ar achomharc, deir an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil dlínse ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht gníomhartha nó neamhghníomhartha a thagann faoi CBES nach bhfuil baint dhíreach acu le roghanna polaitiúla nó straitéiseacha nó iad a léiriú. Tá feidhm aige sin, go háirithe, maidir leis na cinntí arna ndéanamh ag Eulex Kosovo maidir le foireann a roghnú nó bearta rialaithe nó leigheasanna dlí a bhunú.

In 2008, bhunaigh an tAontas Eorpach misean sibhialtach um an smacht reachta, ar a dtugtar Eulex Kosovo, chun coireanna, daoine atá ar iarraidh nó daoine a maraíodh sa Chosaiv a imscrúdú in 1999 i gcomhthéacs na coinbhleachta sa Chosaiv. In 2009, bhunaigh an tAontas Painéal Athbhreithnithe um Chearta an Duine chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi sháruithe ar chearta an duine arna ndéanamh ag Eulex Kosovo i bhfeidhmiú a shainordaithe.

Tar éis na ngearán a rinne KS agus KD, tháinig an Painéal Athbhreithnithe ar an gconclúid, i mí na Samhna 2015 agus i mí Dheireadh Fómhair 2016, gur sáraíodh roinnt cearta bunúsacha. I mí an Mhárta 2017, dhún an Painéal sin na comhaid lena mbaineann, agus thug sé dá aire nach raibh na moltaí a bhí dírithe chuige curtha chun feidhme ach go páirteach ag Ceann Eulex Kosovo. Thionscain KS caingean maidir le dliteanas neamhchonarthach i gcoinne Chomhairle an Aontais Eorpaigh, an Choimisiúin Eorpaigh agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), *inter alia*, mar gheall ar shárú ar roinnt forálacha den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR). I mí na Nollag 2017, dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta gur léir go follasach nach raibh dlínse aici an chaingean sin a éisteacht agus a chinneadh [1].

Ina dhiaidh sin, rinne KS agus KD imeachtaí nua a thionscain os comhair na Cúirte Ginearálta i gcoinne na Comhairle, an Choimisiúin agus SEGS. Ba mhian leo cúiteamh a fháil as an damáiste a d'fhulaing siad mar thoradh ar ghníomhartha agus neamhghníomhartha éagsúla maidir leis, go háirithe, na himscrúduithe a rinneadh le linn mhisean Eulex Kosovo. Thairis sin, i mí an Mheithimh 2021, chomhdaigh KS agus KD iarratas ar bhearta fiosrúcháin, ag iarraidh go ndéanfaí an leagan iomlán de phlean oibríochtúil Eulex Kosovo a a chur ar fáil. I mí na Samhna 2021, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don chaingean sin ar an bhforas céanna [2].

**Ag rialú di ar achomharc, cuireann an Chúirt Bhreithiúnais an t-ordú sin ón gCúirt Ghinearálta i leataobh go páirteach anois agus tarchuireann sí an cás ar ais chuici don chuid eile.**

Meabhraíonn sí go gciallaíonn cuimsiú CBES i gcreat bunreachtúil an Aontais go bhfuil feidhm ag bunphrionsabail dhlíchóras an Aontais maidir leis freisin. Ina measc sin, tá urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha, luachanna lena n-éilítear lena gceanglaítear go mbeidh údaráis an Aontais faoi réir athbhreithniú breithiúnach.

Is fíor nach dtugann airteagail na gConarthaí agus na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh lena gcumhdaítear an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil ná sáruithe ar chearta bunúsacha a agairt, iontu féin, údar do Chúirteanna an Aontais Eorpaigh a dhearbhú go bhfuil dlínse acu. Thairis sin, **níl teorannú dhlínse na Cúirte in ábhair CBES dá bhforáiltear sna Conarthaí ar neamhréir leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil mar a ráthaítear in ECHR**, ós rud é gur ghlac an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine cheana féin le teorainneacha bunreachtúla ar dhlínse cúirteanna Stáit i leith gníomhartha nach féidir a scaradh ó stiúradh chaidreamh idirnáisiúnta an Stáit sin.

Agus léiriú á dhéanamh aici ar na Conarthaí i bhfianaise, go háirithe, an chirt chun leighis éifeachtaigh agus phrionsabail an smachta reachta, **measann an Chúirt mar sin féin go bhfuil dlínse aici measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht gníomhartha nó neamhghníomhartha a thagann faoi CBES nach bhfuil baint dhíreach acu le roghanna polaitiúla nó straitéiseacha, nó na gníomhartha sin a léiriú**.

Sa chás seo, is ionann cumas Mhisean Eulex Kosovo foireann a fhostú agus gníomh bainistíochta ó lá go lá i gcomhthéacs chur chun feidhme shainordú an mhisin. Mar sin, **níl na cinntí arna nglacadh ag Eulex Kosovo maidir le roghnú an phearsanra a fhostaíonn an misean sin nasctha go díreach leis na roghanna polaitiúla nó straitéiseacha a dhéanann an misean sin faoi chuimsiú CBES**.

Tagann an Chúirt ar an gconclúid chéanna maidir le heaspa forálacha lena bhforáiltear do **chúnamh dlíthiúil in imeachtaí os comhair an Phainéil Athbhreithnithe**. Ar an gcaoi chéanna, maidir le heaspa **cumhachtaí cur chun feidhme** a thugtar don Phainéal Athbhreithnithe nó **leigheasanna dlí** i leith sáruithe a d'aimsigh an Painéal sin, measann an Chúirt nach mbaineann an cinneadh maidir le gníomhartha agus neamhghníomhartha an mhisin sin a chur faoi réir sásra rialaithe ach le gné amháin dá bhainistíocht riaracháin.

Ina dhiaidh sin, luann an Chúirt, arís chun na críche céanna, go mbaineann an **easpa bearta ceartaitheacha** chun na sáruithe ar chearta bunúsacha arna n-aimsiú ag an bPainéal Athbhreithnithe a leigheas agus **scrúdú dlíthiúil tromchúiseach** ar chás KD le mainneachtain bearta aonair a ghlacadh agus nach bhfuil baint dhíreach acu leis na roghanna polaitiúla nó straitéiseacha arna ndéanamh i gcomhthéacs CBES.

Os a choinne sin, baineann **na hacmhainní a cuireadh ar fáil do Eulex Kosovo** agus an cinneadh chun **sainordú feidhmiúcháin an mhisin sin a chúlghairm** go díreach le roghanna polaitiúla nó straitéiseacha den sórt sin, agus mar thoradh air sin ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid agus í ag cinneadh nach raibh dlínse aici an chuid sin den chaingean a thionscain KS agus KD a éisteacht.

**NÓTA:** D'fheadfaí achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá bunús leis an achomharc, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta ar neamhní. I gcás ina bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar an díospóid í féin. I gcás nach bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, tarchuirfidh sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal na breithe arna tabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs an achomhairc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Stiúrthóireacht na Cumarsáide
An tAonad Preasa agus curia.europa.eu

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Ordú an 14 Nollaig, *KS* v *an Chomhairle agus páirtithe eile* (T-840/16).

[2] Ordú an 10 Samhain*, KS agus KD* v *an Chomhairle agus páirtithe eile* (T-771/20).